Coup d'état

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar scéal faoin *coup d'état* i Maenmar. Féach ar an tuairisc den chéad uair agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail seo inti.

1. leadership _____
2. state of emergency _____
3. commander _____
4. for a three month period _____
5. a huge majority _____
6. 50 years _____
7. army rule, domination _____
8. corruption, fraud _____
9. ill-treatment _____
10. to distort _____
11. to nullify _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad iad cuid de na horduithe atá tugtha ag an arm ó fógraíodh staid éigeandála?

2. Cén fáth a bhfuil teannas sa tír le cúpla mí anuas?

3. Cé hiad na daoine a ghabh an t-arm?

4. Cén teachtaireacht a bhí ar leathanach Facebook pháirtí Aung San Suu Kyi?

5. Cé atá ag ceiliúradh an *coup d'état*?

6. Cad atá ráite ag Rialtas na Stát Aontaithe?

Ceist 3 Féach ar an mír arís agus scríobh ceannteideal a cheapann tú a bheadh oiriúnach don mhír. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 '… Ní ghlacann an t-arm le toradh an toghcháin roimh an Nollaig nuair **a** bhí bua ollmhór ag Páirtí Suu Kyi …'

A. Cén ghné den ghramadach a bhaineann leis an bhfocal a bhfuil líne faoi sa sampla thuas?

B. Féach ar na samplaí seo agus freagair na ceisteanna:

Sin an fear a bhíonn anseo gach mí.
Sin an fear nach mbíonn anseo gach mí.

Sin an fear a bheidh anseo amárach.
Sin an fear nach mbeidh anseo amárach.

(1) Roinn gach abairt thuas in dhá abairt.
(2) Athscríobh an chéad dá abairt thuas anois san aimsir chaite.

Ceist 5 '… a bhí…'

1. Éist leis an mír arís agus breac síos gach sampla den aimsir chaite a chloiseann tú inti.
2. Cum ceisteanna leis na briathra céanna agus cuir na ceisteanna sin ar an duine in aice leat. Mar shampla:

***An raibh tú** sna Stáit Aontaithe riamh?*
Bhí. / Ní raibh.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad atá ar eolas agat faoin tír Maenmar?
2. Ar cheart do thíortha fanacht glan ó fhadhbanna tíortha eile, de ghnáth? Mínigh.
3. Dá mbeifeá in ann cuairt a thabhairt ar aon tír ar domhan amárach, cá rachfá? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1.	leadership	*lucht ceannaireachta*
2.	state of emergency	*staid éigeandála*
3.	commander	*ceann feadhna*
4.	for a three month period	*le ráithe*
5.	a huge majority	*tromlach mór millteach*
6.	50 years	*leathchéad bliain*
7.	army rule, domination	*forlámhas an airm*
8.	corruption, fraud	*caimiléireacht*
9.	ill-treatment	*drochbhail*
10.	to distort	*a chur as a riocht*
11.	to nullify	*a chur ar neamhní*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Mar shampla:
An lámh in uachtar ag an lucht míleata i Maenmar arís.
Ceannairí tofa na tíre gafa ag an arm.
Staid éigeandála i Maenmar agus an chumhacht i lámha an airm arís.

Ceist 4

A. An clásal coibhneasta díreach. Bíonn níos mó ná clásal amháin in abairtí go minic. Tugann an clásal coibhneasta tuilleadh eolais faoin gclásal a thagann roimhe. Baintear úsáid as an mír choibhneasta (e.g. ‘a’) chun na clásail sin a cheangal le chéile. Féach an sampla sa cheist a bhfuil an mhír choibhneasta i gcló trom ann, agus líne faoi. Tá an mhír choibhneasta ag oibriú mar chónasc nó mar dhroichead idir an dá chlásal.

B. Sin an fear. Bíonn sé anseo gach mí.
Sin an fear. Ní bhíonn sé anseo gach mí.

Sin an fear. Beidh sé anseo amárach.
Sin an fear. Ní bheidh sé anseo amárach.

Sin an fear a bhíodh anseo gach mí.
Sin an fear nach mbíodh anseo gach mí.

Ceist 5

ghabh (gabhadh) – Ar ghabh…? Ghabh. Níor ghabh.
a bhí (bhíodar, go raibh, sula raibh) – An raibh…? Bhí. Ní raibh.
bhuaigh – Ar bhuaigh…? Bhuaigh. Níor bhuaigh.
a tháinig – Ar tháinig…? Tháinig. Níor tháinig.
a theip – Ar theip…? Theip. Níor theip.
chuir – Ar chuir…? Chuir. Níor chuir.

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Tá lucht ceannaireachta go domhanda tar éis *coup d'état* atá tarlaithe i Maenmar a cháineadh go tréan. Ar maidin, ghabh an t-arm ceannaire tofa na tíre, Aung San Suu Kyi, agus comhaltaí sinsearacha eile sa rialtas. Ní ghlacann an t-arm le toradh an toghcháin roimh an Nollaig, nuair a bhí bua ollmhór ag páirtí Suu Kyi.

Maolra M Mac Donnchadha
Tá staid éigeandála fógartha ag an arm agus beidh siad i gceannas, a deir siad, go ceann bliana. Tá stáisiúin teilifíse bainte den aer agus an córas teileafóin agus an t-idirlíon múchta ag na ginearáil. Tá na bainc dúnta freisin, orduithe ar fad atá déanta ag an gceannasaí nua, ceann feadhna an airm, Min Aung Hlaing.

Le ráithe, tá an teannas ag géarú sa tír, ó bhuaigh an Conradh Náisiúnta ar son an Daonlathais, faoi stiúir Aung San Suu Kyi, tromlach mór millteach san olltoghchán i mí na Samhna. Bhíodar níos láidre fiú ná cúig bliana ó shin, nuair a tháinig an bhean a bhuaigh gradam Nobel na Síochána i gceannas, tar éis leathchéad bliain d'fhorlámhas an airm i mBurma.

Deir an t-arm go raibh caimiléireacht na milliún vóta, a deir siad, sa toghchán is deireanaí nuair a theip go dona ar na hiarrthóirí a bhí roghnaithe ag an arm. Gabhadh Suu Kyi agus an tUachtarán tofa, May Win Myint, roimh bhreacadh an lae inniu, cúpla uair an chloig sula raibh an pharlaimint nuathofa ceaptha tionól, an chéad uair ó comhaireadh na vótaí.

Tá airí rialtais sna réigiúin i bhfad ón ardchathair gafa freisin, a deir iriseoirí AFP[1]. Níl sé ach cúpla lá ó chuir Suu Kyi teachtaireacht ar leathanach Facebook a páirtí, ag impí ar dhaoine gan géilleadh agus gan glacadh leis, dá dtarlódh *coup*.

Go dtí seo, níl le feiceáil ar na sráideanna ach líon beag ag ceiliúradh bheart an lucht mhíleata. Tuairiscítear go bhfuil ardmheas fós sa tír ar Suu Kyi, ach go hidirnáisiúnta níltear chomh tógtha léi mar gheall ar an drochbhail atá curtha ar an mionlach Moslamach, na Rohingya[2], teifigh ina dtír féin.

Tráthnóna, tá Rialtas na hÉireann, agus an tAontas Eorpach agus na Náisiúin Aontaithe ar fad, tar éis lámh láidir an airm a cháineadh. Deir Meiriceá nach féidir toradh an toghcháin a chur as a riocht. Rachfar i mbun gnímh, arsa Washington, mura scaoiltear saor an dream atá gafa agus mura gcuirtear an *coup d'état* ar neamhní.

Maolra Mac Donnchadha, Nuacht TG4.

[1] *Agence France-Presse*
[2] *Na Róihinsí* an leagan Gaeilge